Seirbhís Cartlainne Chontae Dhún na nGall

# PACA CARTLAINNE SCOILE

## STAIDÉIR ÁITIÚLA:

### An Teach agus an Ceantar s'agamsa

### Scoileanna

## SAOL, SOCHAÍ, OBAIR AGUS CULTÚR SAN AM ATÁ THART:

### An Saol sa 19ú Céad

## LEANÚNACHAS AGUS ATHRÚ LE HIMEACHT AMA:

### Iascaireacht agus Feirmeoireacht

### Iompar

## Cad é an rud é ábhar cartlainne?



Is é atá in ábhar cartlainne ná doiciméid, lámhscríbhinní, léarscáileanna, pleananna agus grianghraif ina bhfuil eolas tábhachtach nó fianaise thábhachtach, agus is dá bharr sin a choinneofar go deo iad. "Taifid" nó "foinsí príomha" a thugtar ar an ábhar seo chomh maith.

Is é atá i bhfoinsí príomha ná ábhar a scríobhtar nó a thaifeadtar ag an am a dtarlaíonn imeachtaí, nó go comhaimseartha, mar shampla, litreacha, dialanna agus grianghraif.
Úsáideann staraithe foinsí príomha le eolas a chur ar an am atá thart. Ina dhiaidh sin, scríobhann cuid mhór staraithe leabhair nó ailt atá bunaithe ar na fíricí a fuarthas sna bundoiciméid, agus is é a thugtar orthu siúd ná "foinsí tánaisteacha".

## An Chartlann Áitiúil s'agatsa:

Tá seirbhís cartlainne dá chuid féin ag Contae Dhún na nGall i Leifear.
Sa chartlann, tugann Cartlannaí an Chontae cúram d'ábhar taifeadta a bhaineann le stair Dhún na nGall. Mar gheall ar a n-aois, tá ábhar cartlainne iontach leochaileach agus caithfear é a stóráil go cúramach le iad a choinneáil slán ón taise,


GLENTIES UNION.

TURF WANTED

The Board of Guardians will, on SATURDAY, 12th JULY, 1919, consider Tenders for the Supply of about

2,500 BOXES BEST DRY TURF

at Three Shillings per Box, delivered at the Workhouse as required.

[illegible]

MICHAEL M'NELIS, CLERK

ó sholas na gréine agus ó fheithidí a itheann páipéar. Déanann an cartlannaí na taifid a chatalógú agus cuidíonn le lucht taighde na doiciméid atá de dhíth orthu a fháil.



Sa phaca s'agatsa tá cóipeanna de dhoiciméid as Cartlann an Chontae.

Bí thusa i do staraí anois, agus gabh i mbun na fianaise...